

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí
as Cois Fharráige



Instagram: @pleanteangachoisfharráige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

10 NOLLAIG 2020



OIFIGEACH IASACHTA AG TEASTÁIL

Tá **Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo** sa tóir ar Oifigeach Iasachta. Beidh an té a cheapfar freagrach as bainistíocht ar fheidhm iasachta an Chomhair Creidmheasa i gcomhar le hoifigigh eile. Caithfidh eolas agus tuiscint ar an timpeallacht rialála a rialaíonn comhar creidmheasa a bheith ag an té a n-éiríonn léi/leis. Ní mór tréithe láidre ceannaireachta agus scileanna idirphearsanta a bheith ag an té seo freisin chomh maith le scileanna cumarsáide den scoth, idir scríobh agus labhairt, i nGaeilge agus i mBéarla. Ní mór iarratas a dhéanamh roimh an Aoine, 11 Nollaig 2020 ag a 4i.n. Tuilleadh eolais ar fáil ar líne ag: www.ccholmcille.ie/Folúntas




Comhar Creidmheasa Cholm Cille
"Ar scáth a chéile a mhaireann muid..."

ÁISITHEOIRÍ GHLÓR NA NGAEL

Tá **Glór na nGael** ag iarraidh painéal áisitheoirí a chur le chéile chun ceardlanna agus cainteanna fíorúla agus sa bhforshaol, trí Ghaeilge, a reáchtáil do thuismitheoirí le gasúir óga. Beidh raon leathan ábhar á bplé ag na háisitheoirí seo: lóga do leanaí, Ceol agus Gluaiseacht, Céimeanna Forbartha an Linbh, Cothú Linbh agus Gymboree mar shamplaí. Má tá na scileanna cuí agat agus dá mbeadh spéis agat páirt a ghlacadh ann is féidir teagmháil a dhéanamh le cabrini@glornangael.ie

SEOLADH 'PRÍÓSÚN'

Seoladh **Príosún** leabhar nua le Brian Ó Baoill as an Teach Mór i gCois Fharráige ar líne le gairid. Tá sé bunaithe ar an tréimhse a chaith sé i bpríosún i 1985, mar gur dhiúltaigh sé an ceadúnas teilifíse a íoc de bharr nach raibh ach 2% de na cláracha ar RTE ag an am i nGaeilge. Tá neart pictiúir agus cartúin ann, cuid acu a rinne Brian é féin nuair a bhí sé i bpríosún ag an am. Tá cóipeanna den leabhar 'Príosún' ar díol i siopaí Chois Fharráige anois.



'TAOBH LE TAOBH'

Comhghairdeachas le Pádraic Seoighe agus Niall Teague a bhfuil EP nua '**Taobh le Taobh**' taifeadta acu. Seolfar an t-amhrán go hoifigiúil i bhfoirm ceolchoirme beo ar FB ar an Déardaoin 17 Nollaig @ 9i.n. Beidh an nasc don cheolchoirm ar fáil ar chuntas FB: Paddy Jordan Recording. Tabharfar eolas maidir leis an EP a cheannach ag an gceolchoirm.



MAOINIÚ CEADAITHE DO ROS A' MHÍL

Tá maoiniú ceadaithe ag Údarás na Gaeltachta le réamhphlean a chur i dtoll a chéile don 30 ára atá ag an Údarás i Ros a' Mhíl. Usáidfeadh an t-airgead le deiseanna fuinneamh inathnuaite a fhorbairt. Tuairiscítear go bhfuil an tÚdarás sásta a bheith ag obair le Coiste Tacaíochta Chalafort Ros a' Mhíl lena chinntiú go mbeidh deis ag an gcalafort leas agus tairbhe a bhaint as earráil an fhuinnimh inathnuaite mara. Is buntáiste é go bhfuil cead pleanála faighte cheana féin ag an gCalafort le céibh domhain-mhara a réiteach ann rud a d'fhágfadh go bhféadfadh Ros a' Mhíl a bheith mar ionad straitéiseach náisiúnta ó thaobh fuinneamh inathnuaite mara de.



CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh **Club Leabhar Chois Fharráige** ag teacht le chéile ar an gcóras Zúm ar an gCéadaoin 16 Nollaig, ag 8 i.n. le plé a dhéanamh ar an bhfilíocht sa leabhar **Gaillimh Díolaim Cathrach** atá in eagar ag Brian Ó Conchubhair. Leis an nasc a fháil ní gá ach ríomhphost a sheoladh chuig clubleabharcf@gmail.com agus seolfar an nasc ar aghaidh chugat ar an gCéadaoin 16ú, thart ar 5i.n.

GEARRSCÉALTA UÍ CHADHAIN

Beidh plé ar ghearrscéal eile ó Mháirtín Ó Cadhain, ar an Domhnach, 13 Nollaig, ag 7.30i.n. ar an gcóras Zoom. Is é an cúigiú seisiún den tsraith 'Gearrscéalta Uí Chadhain' atá eagraithe ag an Fóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga. 'Ag Dul ar Aghaidh' an gearrscéal a bheas á phlé. Tá sé le fáil sa leabhar 'An Braon Broghach'. Máire Feirtéar a bheas ag treorú na léitheoirí tríd an scéal. Chun páirt a ghlacadh sa bplé ar an ngearrscéal, níl le déanamh ach ríomhphost a sheoladh chuig optchoisfharráige@gmail.com le d'ainm a chlárú.

FINKY AG CLUB SCANNÁN SAILEARNA

Cuireadh clár Fómhair **Chlub Scannán Sailearna** ar ceal de bharr srianta na páindéime ach tá socrú déanta ag an gClub le **hAbú Media** go mbeidh deis ag daoine an scannán FINKY a fheiceáil sa mbaile. Sceál síceolaíoch é seo faoi cheoltóir óg, Micí Phincí Ó Foghlú, duine a raibh drochshaol aige de bharr gur fágadh gan lúth na ngéag é i dtimpiste cairr ach gur tugadh deis slánaithe dó nuair a thugann sorcas avant-garde, foréigeanach ar bord é. Beifear in ann teacht ar FINKY ar an idirlíon, ar feadh seachtaine ón Luan 14 Nollaig ar aghaidh. Tá eolas le fáil faoin nasc ar líne ag www.clubscannan.ie

SEÓ NOLLAG MHUINTEARAS

Beidh **Seó na Nollag** á óstáil beo ag **Muintearas** ar an Satharn 12 Nollaig @ 8i.n. Déanfaidh an seó ceiliúradh ar an eagraíocht féin atá ceathracha bliain ar an bhfód i mbliana, chomh maith le féile agus dea-spiorad na Nollag. Beidh ceol, craic agus spraoi ann le hóg agus sean as chuile cheard sa tír agus thar lear. Caithfear súil siar freisin ar na héachtaí atá bainte amach ag Muintearas le linn na bliana. Beidh comórtas agus duaiseanna le buachan ar an oíche freisin! Le freastal ar an ócáid, is féidir dul díreach chuig www.muintearas.com agus beidh an léiriú beo ar fáil ansin, ón 8i.n. ar an oíche. Má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le muintearas@muintearas.com nó glaoigh ar 091551145



EARRAÍ NA NOLLAG!

Ghlac **Futa Fata** páirt sa bhfeachtas '**Stuif na Nollag**' an tseachtain seo! Tá raon leathan leabhar áille ar fáil ó Futa Fata, a bheadh an-deas ar fad mar bhronntanais don Nollaig! Tá na leabhra ar fáil ó www.futafata.ie agus is féidir tuilleadh eolais faoi na leabhair atá ar fáil ar an suíomh idirlín nó teagmháil a dhéanamh le: eolas@futafata.ie



#CeannaighsaGhaeltacht: má tá táirgí nó seirbhísí á soláthar agatsa, a bheadh feiliúnach don Nollaig, ba bhreá linn cloisteáil uait agus cúnamh a thabhairt duit mar chuid den bhfeachtas '**Stuif na Nollag**'. Is féidir físeán gearr a dhéanamh a d'fhéadfadh muid a scaipeadh ar na meáin shóisialta, nó pictiúr a thógáil a d'fhéadfadh muid a fhoilsiú anseo. Is féidir linn cúnamh a thabhairt le foclaíocht agus dearadh freisin!



FOCLÓIR NA NOLLAG!

D'fhoilsigh Seachtain na Gaeilge le Energia íomhá álainn le gairid maidir le foclóir na Nollag! Tá an íomhá ar fáil ar chuntas FB na heagraíochta. Smaoineamh iontach atá ann do ghasúir, do theaghlaigh agus d'fhoighlaimeoirí don am seo den bhliain!



Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i **Scéal, Scéal, Scéal**, is féidir teagmháil a dhéanamh le **Katie @ 083 010 6294** faoi!

COMHGHAIRDEACHAS A STIOFÁIN!

Comhghairdeachas ó chroí le **Stiofán Ó Neachtain** a bhuaigh comórtas filíochta RTÉ Raidió na Gaeltachta le gairid! Thug Stiofán cuairt ar stiúideo **Iris Aniar** le dán an bhua '**An Nollaig**' a aithris, le glacadh lena chuid duaiseanna agus le soilse Nollag Raidió na Gaeltachta a lasadh! Tá Stiofán agus na buaiteoirí eile le cloisteáil agus le léamh ar chuntas Facebook **Iris Aniar** anois. Nár laga Dia iad!

